Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9345/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0123 (NLE)**

**ECOFIN 619**
**UEM 167**
**FIN 691**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 246 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 246 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 246 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2026
COM(2026) 246 final

2026/0123 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice

{SWD(2026) 131 final}

2026/0123 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don tSlóvaic an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 29 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3], an 13 Bealtaine 2025[4] agus an 13 Samhain 2025[5].

(2) An 30 Aibreán 2026 rinne an tSlóvaic iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an tSlóvaic.

*Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241*

(3) Na leasuithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a chuir an tSlóvaic isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 41 bheart.

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj

2 Féach doiciméid ST 10156/21 INIT, ST 10156/21 ADD 1, ST 10156/21 ADD 1 COR 1, le fáil ag http://register.consilium.europa.eu

3 Féach doiciméid ST 11205/23 INIT, ST 11205/23 ADD 1, ST 11205/23 ADD 1 COR 1, le fáil ag http://register.consilium.europa.eu

4 Féach doiciméid ST 8054/25 INIT agus ST 8054/25 ADD 1, le fáil ag http://register.consilium.europa.eu

5 Féach doiciméid ST 14450/25 INIT agus ST 14450/25 ADD 1, le fáil ag http://register.consilium.europa.eu

(4) Tá mínithe ag an tSlóvaic nach féidir cúig bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, toisc gur tharraing tairbhithe siar ó chonarthaí, go raibh easpa spéise i measc iarratasóirí féideartha agus gur tháinig moilleanna chun cinn sa chur chun feidhme. Baineann sé sin le hInfheistíocht 1 dar teideal Na foinsí nua in-athnuaite leictreachais a thógáil; Infheistíocht 3 dar teideal Forbairt ar iompar idirmhódúil lasta; Infheistíocht 4 dar teideal Tacaíocht chun bonneagar tiomána malartach a thógáil; Infheistíocht 4 dar teideal Tacaíocht do thionscadail a bhfuil sé d'aidhm acu teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagar digiteach a fhorbairt; agus Athchóiriú 3 dar teideal Bunachar sonraí agus córas malartaithe sonraí a chruthú maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an tSlóvaic go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an tSlóvaic go bhfuil 16 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le hAthchóiriú 1 dar teideal Athchóiriú ar ábhar agus ar chineál an oideachais; Infheistíocht 2 dar teideal Críochnú an bhonneagair scoile; Athchóiriú 5 dar teideal Acmhainní oideachais agus taighde den scoth a chomhchruinniú; Infheistíocht 4 dar teideal Idirnáisiúnú a chur chun cinn sa timpeallacht acadúil; Infheistíocht 7 dar teideal Cúram síciatrach institiúideach a dhaonnú; Infheistíocht 2 dar teideal Cumais iarchúraim agus altranais a leathnú agus a athbhunú; Athchóiriú 2 dar teideal An t-éilliú a chomhrac agus sláine agus neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú; Infheistíocht 1 dar teideal Seirbhísí níos fearr do shaoránaigh agus do ghnólachtaí; Infheistíocht 2 dar teideal Claochlú digiteach ar sheachadadh seirbhísí poiblí; Infheistíocht 3 dar teideal Páirt a ghlacadh i dtionscadail Eorpacha ilnáisiúnta a bhaineann leis an ngeilleagar digiteach; Infheistíocht 4 dar teideal Tacaíocht do thionscadail a bhfuil sé d'aidhm acu teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagar digiteach a fhorbairt; Infheistíocht 5 dar teideal Haiceatóin; Infheistíocht 6 dar teideal Bearta coisctheacha a neartú, luas braite agus réitigh teagmhas a mhéadú (ITVS – Teicneolaíochtaí faisnéise don riarachán poiblí); Infheistíocht 7 dar teideal Scileanna digiteacha seanóirí nó daoine faoi mhíbhuntáiste; Athchóiriú 4 dar teideal Caighdeánú ar réitigh chibearshlándála theicniúla agus nós imeachta (ITVS – Teicneolaíochtaí faisnéise don riarachán poiblí); agus Athchóiriú 5 dar teideal Feabhas a chur ar oiliúint agus scileanna cibearshlándála (ITVS – Teicneolaíochtaí faisnéise don riarachán poiblí). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an tSlóvaic go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an tSlóvaic go bhfuil 13 bheart leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le hInfheistíocht 1 dar teideal Bonneagar digiteach i scoileanna; Infheistíocht 6 dar teideal Ionstraimí airgeadais chun tacú leis an nuálaíocht; Infheistíocht 2 dar teideal An caidreamh leis an diaspóra a neartú; Infheistíocht 3 dar teideal Digitiú sa tsláinte; Infheistíocht 4 dar teideal Atógáil agus athshlánú na stáisiún otharcharr; Athchóiriú 1 dar teideal Barrfheabhsú líonra na n-ospidéal; Infheistíocht 3 dar teideal Ionaid cúraim meabhairshláinte phobalbhunaithe a thógáil; Athchóiriú 1 dar teideal Fuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn; Athchóiriú 4 dar teideal Foirgnimh an rialtais láir a bhainistiú; Infheistíocht 1 dar teideal Éifeachtúlacht fuinnimh tithe teaghlaigh a fheabhsú; Infheistíocht 2 dar teideal Foirgnimh stairiúla agus foirgnimh liostaithe a nuachóiriú; Infheistíocht 8 dar teideal Acmhainní comhordúcháin agus tacaíocht chumarsáide; Infheistíocht 4 dar teideal Tacú le hathchóiriú a dhéanamh ar theaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta

fuinnimh. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an tSlóvaic go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an tSlóvaic leibhéal cur chun feidhme seacht mbeart a mhéadú. Baineann sé sin le hInfheistíocht 2 dar teideal Nuachóiriú a dhéanamh ar na foinsí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana (athchumhachtú); Infheistíocht 3 dar teideal Solúbthacht na gcóras leictreachais a mhéadú le haghaidh comhtháthú níos fearr ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh; Infheistíocht 1 dar teideal Bonneagair ísealcharbóin a fhorbairt; Infheistíocht 2 dar teideal Líonra nua ospidéal – tógáil, atógáil agus trealamh; Infheistíocht 4 dar teideal Cuíchóiriú, barrfheabhsú agus neartú acmhainneachta riaracháin ar leibhéil éagsúla rialtais; Infheistíocht 2 dar teideal Claochlú digiteach ar sheachadadh seirbhísí poiblí; agus Infheistíocht 3 dar teideal Athchóiriú foirgneamh poiblí agus foirgneamh liostaithe. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an tSlóvaic go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme ocht mbeart a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(8) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an tSlóvaic i láthair a chur san áireamh.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(9) Sainaithníodh earráid chléireachais amháin in aithris 25 de Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Samhain 2025[6]. Baineann an earráid chléireachais sin leis an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don tSlóvaic. Luaitear in Aithris 25 de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Samhain 2025 go leithdháiltear EUR 6 407 240 019 don tSlóvaic, ach is é EUR 6 408 465 019 a leithdháiltear iarbhír don tSlóvaic. Ní dhéanann an ceartúchán sin difear do mheasúnú ná do chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

***Measúnú an Choimisiúin***

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 40,0 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe atá ann, agus 81,7 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta

[6] Féach doiciméid ST 14450/25 INIT agus ST 14450/25 ADD 1, le fáil ag http://register.consilium.europa.eu

leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(12) Níl tionchar ábhartha ag leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta ar a uaillmhian i dtreo an aistrithe ghlais d'ainneoin laghdú 0,19 pointe céatadáin ar sciar an leithdháilte iomláin ar bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide. Tagann an laghdú sin go príomha as an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme infheistíocht 1 dar teideal Na foinsí nua in-athnuaite leictreachais a thógáil faoi Chomhchuid 1 den chlib aeráide ó infheistíocht 2 dar teideal Críochnú an bhonneagair scoile faoi Chomhchuid 7. Tacaíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go mór fós le cuspóirí an aistrithe ghlais, le méadú na bithéagsúlachta, agus le cosaint an chomhshaoil. Go háirithe, leanann caibidil REPowerEU de thacaíocht a thabhairt don aistriú glas, ós rud é go rannchuidíonn a athchóirithe agus a infheistíochtaí leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá inti 21,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(14) Níl tionchar ábhartha ag leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta ar an uaillmhian i dtreo an aistrithe dhigitigh d'ainneoin laghdú 0,57 pointe céatadáin ar sciar an leithdháilte iomláin ar bhearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha. Tagann an laghdú sin go príomha as an laghdú ar mhéid na gcostas a chlibeáiltear go digiteach agus a bhaineann le hinfheistíocht 2 dar teideal Claochlú digiteach ar sheachadadh seirbhísí poiblí agus infheistíocht 3 dar teideal Páirt a ghlacadh i dtionscadail Eorpacha ilnáisiúnta a bhaineann leis an ngeilleagar digiteach faoi Chomhchuid 17.

***Costáil***

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, an bonn cirt a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta a bhfuil coinne leis.

(16) Dá bhrí sin, níl aon athrú ar thoradh an mheasúnaithe costála i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. Bhí bonn cirt na Slóvaice maidir le méid na meastachán ar chostais iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta réasúnta agus inchreidte go pointe áirithe, i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta, agus bhí sé i gcomhréir leis an tionchar náisiúnta agus eacnamaíoch a raibh coinne leis. I gcás líon teoranta beart, ní raibh tagarmharcanna costais chomh soiléir céanna, bunaithe ar fhaisnéis bheag inchomparáide. Ní i gcónaí a cuireadh críochú le foinsí maoinithe eile le haghaidh tionscadal in iúl go soiléir, ach cuireadh coimircí i bhfeidhm chun cistiú dúbailte a chosc.

(17) Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh na mbeart leasaithe go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte, de réir na faisnéise a sholáthraítear. I gcás roinnt bearta leasaithe, tá faisnéis maidir le réasúntacht agus inchreidteacht na meastachán ar chostais teoranta nó in easnamh. Cuireann sé sin cosc ar rátáil A faoin gcritéar measúnaithe ar leith. Ina theannta sin, bhí bonn cirt le hathruithe sna meastacháin ar chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach i gcás inar féidir agus dá bhrí sin níor athraíodh réasúnaíocht ná hinchreidteacht na meastachán ar chostais sin i gcomparáid leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta bunaidh. Bhí bonn cirt leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh agus bhí siad comhréireach ar fud fhormhór an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe. Ar deireadh, tá méid chostas iomlán measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta a bhfuil coinne leis.

*Aon chritéar measúnaithe eile*

(18) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an tSlóvaic chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ST 10156/21 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice a mhéid a bhaineann le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k).

*Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)*

(19) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795, mheas an tSlóvaic gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mheas an tSlóvaic, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe toisc nach raibh a dhóthain ama ann chun tionscadail den sórt sin a chur i gcrích roimh dháta deiridh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

*Measúnú dearfach*

(20) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(21) Is é EUR 6 408 465 020 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Slóvaice. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don tSlóvaic, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle[7] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Slóvaice, ba cheart gurb é EUR 6 408 465 019 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don tSlóvaic.

(22) Ba cheart méid na ranníocaíochta airgeadais don tSlóvaic a chinneadh sa chinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241. Mar sin féin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2025 maidir le laghdú ar mhéid an chúigiú tráthchuid den tacaíocht neamh-inaisíoctha don tSlóvaic, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán (AE) 2021/241, tá an ranníocaíocht airgeadais laghdaithe faoi EUR 1 225 000 agus ní féidir leis an tSlóvaic a heisíocaíocht a iarraidh ar an gCoimisiún.

(23) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(24) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní ghabhann sé treis ar an gceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 108 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Slóvaice a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice mar seo a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

---

7 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Slóvaice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*